**09_01.mp3**

## Bileog 9.1

**Siobhán**
An riail atá againne i gcónaí ná an té a dhéanann an chócaireacht ní chaithfidh sé an glanadh a dhéanamh ina dhiaidh sin. Is maith liomsa a bheith ag cócaireacht, mar a tharlaíonn sé. *So* déanann Peadar nó Clár na soithí de ghnáth. Tá Clár freagrach as an mbruscar ar fad. Déanann sí cinnte go gcuirtear an bruscar amach an oíche cheart le bailiú agus ise a chuireann na buidéil agus an páipéar ar fad in ord agus in eagar don athchúrsáil. Mise a dhéanann an tsiopadóireacht chomh maith ach ní féidir liom a bheith ag gearán mar is é Peadar a dhéanann an gharraíodóireacht ar fad. Agus tá an gairdín go haoibhinn ar fad!

**Ciara**
Táimse ag roinnt árasáin le beirt eile i mBéal Feirste - Micheál agus Sorcha. Ar an drochuair, níl mórán suime nó ama againn an t-árasán a choimeád glan nó slachtmhar. Is fuath liomsa áfach má bhíonn an seomra folctha salach - mise a ghlanann é, mar sin. Ní itheann muid le chéile de ghnáth, agus dá bharr sin, an riail atá againn ná an áit a ghlanadh tar éis bia nó aon rud a ullmhú. Tógaimid sealanna an tsiopadóireacht a dhéanamh, uair sa tseachtain, le rudaí bunúsacha a fháil ar nós im nó arán, nó mar sin. Tagann muid le chéile uair sa mhí le glanadh mór a dhéanamh san árasán.

**09_03.mp3**

## Bileog 9.3

**Peadar**
Bhuel, caithfidh mé a rá go ndearna mé cúpla athrú beag ar an dóigh a n-úsáideann muid an leictreachas sa teach agus tá cúpla pingin breise agam dá bharr. An t-athrú is bunúsaí ná déanaim cinnte nach bhfuil solas ar bith lasta nuair nach bhfuil sé ag teastáil. Ní cheannaím, ach an oiread, ach Dlúthlampaí Fluaraiseacha, agus cé go gcosnaíonn siad níos mó, maireann siad níos faide agus ní úsáideann siad an méid céanna fuinnimh. Nós beag eile atá agam anois ná múchaim gach fearas san oíche agus bainim an *plug* amach as an bhalla - baineann fearas úsáid as leictreachas fiú agus é múchta.

**09_05.mp3**

## Bileog 9.5

Ón Luan go dtí an Aoine bím ag obair i lár na cathrach. Téim isteach ar mo rothar de ghnáth. Ag an deireadh seachtaine brisim amach agus buailim le mo chuid cairde. Itheann muid béile i gceann de na bialanna Síneacha i dtuaisceart na cathrach. Caithim seal ag siopadóireacht Dé Sathairn. Téim chuig an phictiúrlann go rialta agus is breá liom comhluadar a bheith liom.

**09_07.mp3**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 9.7

Comhrá 1:
- Aon scéal a Fhinn?
- Tá. Tá mé tar éis a bheith san otharlann ansin. Rugadh cailín beag do mo dheirfiúr agus tá sí go haoibhinn ar fad.
- Á Comhghairdeas.

Comhrá 2:
- Nuacht ar bith agat?
- Nuacht ar bith i ndáiríre, ach drochnuacht is dócha. Fuair mé torthaí scrúduithe na chéad bhliana agus theip orm i scrúdú amháin. Beidh orm teacht ar ais luath ó Mheiriceá sa samhradh lena athdhéanamh!
- Is mór an trua é sin.

Comhrá 3:
- Aon scéal nua?
- Tá mé ar mo shlí go Corcaigh, ag dul go dtí tórramh. Fuair m'aintín bás inné. Bhí aois mhór aici ach tá sé brónach mar sin féin.
- Tá brón orm é sin a chloisteáil.

Comhrá 4:
- An bhfuil nuacht ar bith agat?
- Tá. Scéal mór. Tá mé féin agus Séamas le pósadh!
- Comhghairdeas. Tá sé sin go hiontach.

© Ollscoil Mhá Nuad